Caibidil 4
Báidíní Seoil

4.1 Oiliúint

Moltar go bhfaigheann mairnéalaigh báidíní calaidh oiliúint fheiliúnach, teicnící iompaithe agus ceartaithe san áireamh. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa (féach ar Aguisín 9 le tuilleadh sonraí a fháil faoi na soláthraithe de chúrsaí).

4.2 Moltaí Sábháilteachta

Má tá tú ag seoltóireacht i mbáidín calaidh, bá chóir duit cloígh leis na cleachtais seo a leanas:

1. GSP/seaicéad tarrthála feiliúnaí a chaitheamh nuair a bhíonn tú ag seoltóireacht. Ní leor an tsnámhacht a chuireann culaith fhliuch nó culaith thirim ar fáil (féach ar Chuid A den Chód seo áit a bhfuil na riachtanais reachtúla).
2. Caith éadaí feiliúnacha, cultacha fliucha nó cultacha tirime, go háirithe má tá baol ann go n-iompóidh tú béal faoi.
3. Ba chóir go mbeadh modh éifeachtach taosctha uisce ag do bháidín calaidh.
4. Iompair céasla ar bord.
5. Iompar téad tarraingthe ar bord.
6. Ba cheart go mbeadh a fhios ag an gcriú sa bháidín calaidh faoi na teicnící iompaithe-ceartaithe agus tarraingthe.
7. Cinntigh go bhfuil snámhacht shásúil ag an mbáidín calaidh. Seiceáil gach umar agus stopallán snámhachta roimh imeacht.
8. Bí cinnte i gcónaí go bhfuil a fhios ag duine ainmnithe atá i dtír faoi na hamanna fágála agus fillidh, agus bíodh gnáthamh i bhfeidhm chun rabhadh a thabhairt más gá. Má tá tú i do bhall de chlub tá seans maith ann go mbeidh an áis seo ar fáil, mar aon le báid sábháilteachta a

chur ar fáil do bhaill a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí an chlub.

9. Bíodh na coinníollacha aimsire agus farraige ar eolas agat sula bhfágann tú.
10. Seachain príomhbhealaí loingseoireachta (féach ar Aguisín 3).
11. Ar son sábháilteachta, ná téigh ag seoltóireacht leat féin.
12. Bíodh a fhios agat céard iad na cumais phearsanta atá agat maidir le bád a láimhseáil i gcoinníollacha aimsire éagsúla.
13. Má tá do bháidín calaidh ag oibriú i limistéar iargúlta, tabhair trealamh sábháilteachta breise leat, .i. raidió VHF láimhe agus piriteicnicí breise (bladhmanna dearga roicéid pharaisiúit agus bladhmanna láimhe).

4.3 Cumann Náisiúnta

Is é an Cumann Seoltóireachta na hÉireann (CSÉ) an comhlacht rialála náisiúnta do sheoltóireacht in Éirinn agus is féidir teagmháil a dhéanamh ag:

Cumann Seoltóireachta na hÉireann
3 Bóthar na Páirce
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath
A96 K3C3

Guthán: +353 (0)1 280 0239
Ríomhphost: info@sailing.ie
Suíomh Gréasáin: www.sailing.ie